Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15477/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0078(NLE)**

**EDUC 415**
**SOC 824**
**RECH 493**
**JEUN 275**
**DIGIT 227**
**ENV 1099**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh thuasluaite, a ghlac an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Samhain 2024.

Moladh ón gComhairle

maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointí (b) agus (i), agus Airteagail 165(4) agus 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Tá gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar institiúidí ardoideachais an Aontais agus chun go mbeidh comhar trasnáisiúnta níos doimhne idir na Ballstát, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa[1]. Tá neartú an ardoideachais Eorpaigh ar cheann de na tosaíochtaí straitéiseacha a leag an Chomhairle[2] síos do na deich mbliana seo.

[1] IO C 167, 21.4.2022, lch. 9.

[2] Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).

2. Chun críocha an Mholta seo,

– ba cheart ‘gairmeacha inbhuanaithe san ardoideachas’ a thuiscint mar fhoireann seirbhísí acadúla agus gairmiúla a fhostú ar bhonn leanúnach de réir ord eispéireas gairme a éascaíonn a bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil agus a bhfolláine le himeacht ama;

– ba cheart ‘foireann acadúil san ardoideachas’ a thuiscint mar bhaill foirne arb é a bpríomhshannadh é a bheith ag teagasc nó taighde a dhéanamh in institiúidí a thairgeann cláir ar leibhéil 5 go 8 den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF). Is baill foirne a bhíonn ag obair in institiúidí ardoideachais a bhfuil teagasc agus taighde araon ar bun acu, agus baill foirne nach mbíonn ach teagasc amháin nó teagasc den chuid is mó ar bun acu, gan beann ar a stádas, a chlúdaítear leis an Moladh seo. Áirítear leis an téarma sin freisin taighdeoirí atá ag obair in institiúidí ardoideachais, agus b’fhéidir nach bhfuil post buan teagaisc acu, ach a bhfuil baint acu le saol na hinstitiúide agus a bhféadfadh baint a bheith acu leis an teagasc ó am go chéile;

– Ba cheart ‘institiúidí ardoideachais’ a thuiscint mar thagairt don earnáil iomlán, agus cuimsítear leis réimse iomlán an oideachais threasaigh agus, dá bhrí sin, gach cineál institiúide ardoideachais, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

3. Áirítear i roinnt moltaí foireann seirbhísí gairmiúla atá gníomhach san ardoideachas nach meastar go docht gur ‘foireann acadúil’ iad, ach a bhfuil saineolas leathan ardleibhéil acu i réimsí straitéiseacha, dlí, comhar trasnáisiúnta nó cumarsáide, gairmithe a oibríonn i réimsí a bhaineann le cúraimí acadúla ach nach bhfuil aon bhaint dhíreach acu iontu, nó gairmithe ardoideachais a bhfuil eolas fairsing acu ar an ardoideachas agus ar bheartais ábhartha eile.

4. Bíonn institiúidí ardoideachais straitéiseach agus aghaidh á tabhairt acu ar na dúshláin shocheacnamaíocha a chuireann leis an nuálaíocht, leis an iomaíochas, leis an ilteangachas, leis an bhforbairt chultúrtha, shóisialta agus dhaonlathach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. Tá siad ag dul i ngleic le dálaí atá ag athrú agus tá cineálacha nua rialachas oideachais, samhlacha agus gníomhaíochtaí acadúla á gcruthú. Meastar go gcomhlíonfaidh an fhoireann acadúil san ardoideachas róil éagsúla idir an t-oideachas agus an taighde traidisiúnta agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a chruthú i bhfianaise riachtanais an tsaoil oibre atá ag athrú go tapa, fiontraíocht agus nuálaíocht, luachshocrú agus aistriú eolais, comhar réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta, rannpháirtíocht sa ghnó agus sa phobal[3], forbairt réigiúnach agus áitiúil, meantóireacht, tacú le ceapadh beartais, riarachán agus bainistiú agus rannpháirtíocht sa rialachas institiúideach. Ní aithnítear na róil éagsúla sin ar bhonn cothrom. Chun dul i ngleic leis an gclaontacht i struchtúir ghairme agus le haitheantas sóisialta foriomlán do thaighde ar chostas an teagaisc agus gníomhaíochtaí acadúla eile nach gníomhaíochtaí taighde iad, bheadh sé iomchuí cuir chuige a chur chun cinn lena dtugtar aitheantas do chonairí gairme acadúla éagsúla agus na cuir chuige sin a chur san áireamh i bpróisis a bhaineann le breithmheasa foirne agus ardú céime.

[3] Tá níos mó i gceist le misean an ardoideachais ná feidhmeanna an oideachais agus an taighde. Ciallaíonn *rannpháirtíocht ghnó* comhpháirtíochtaí a bhunú idir institiúidí ardoideachais agus gnólachtaí, as a dtagann tairbhí frithpháirteacha, cuir i gcás rochtain ar theicneolaíochtaí núíosacha le haghaidh cuideachtaí, agus rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna araon, ar threalamh, ar shaineolas nó ar líonraí lasmuigh den saol acadúil le haghaidh institiúidí ardoideachais. Ciallaíonn *rannpháirtíocht an phobail* luachanna daonlathacha agus rannpháirtíocht shibhialta a neartú, aghaidh a thabhairt ar riachtanais grúpaí leochaileacha, rannchuidiú le forbairt chultúrtha agus socheacnamaíoch, faisnéis a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta ar mórscála.

5. Trí dhálaí níos fearr a chruthú don fhoireann acadúil agus trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní, is féidir cur le tarraingteacht na n-institiúidí ardoideachais mar áiteanna oibre agus feabhas a chur ar a gcumas éifeachtaí iarmharta dearfacha breise a spreagadh, go háirithe ar mhargadh an tsaothair trí fhorbairt tallainne a spreagadh. Is féidir le foireann acadúil ar a gcuirtear luach níos fearr agus dá dtugtar níos mó tacaíochta cuidiú leis an lucht saothair is gá a chothú chun an geilleagar a fhorbairt, ar geilleagar é ar mó a bhíonn sé ag brath ar eolas, ar nuálaíocht agus ar dhaoine ardoilte. Aithníodh an tábhacht a bhaineann le hinstitiúidí ardoideachais tarraingteacha agus éifeachtacha go háirithe i réigiúin atá i sáinn na forbartha tallainne nó i mbaol titim i sáinn na forbartha tallainne, ar réigiúin iad atá tite ar gcúl ó thaobh deiseanna nua eacnamaíocha a chruthú.[4]

6. Níos minice anois, bíonn foireann acadúil, agus foireann seirbhísí gairmiúla, ag teastáil chun gníomhaíochtaí agus comhar straitéiseach náisiúnta agus trasnáisiúnta, cuir i gcás comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha nó cineálacha eile comhghuaillíochta a chur ar bun, agus chun cláir agus tionscadail thrasnáisiúnta oideachais a fhorbairt, chun malartuithe foirne acadúla a éascú agus chun tairiscintí oideachais agus oiliúna a chruthú don fhoghlaim leanúnach, agus chun am breise agus fuinneamh breise a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin sa bhreis ar an gcroítheagasc agus ar an mbuntaighde. Chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin, ní mór do bheartais acmhainní daonna, cuir i gcás measúnú agus ardú céime, aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht na foirne san obair a dhéanann sí ar chomhar náisiúnta agus trasnáisiúnta agus don ualach oibre breise a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2023 maidir le Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa (COM(2023) 32 final).

7. Is gné thábhachtach í timpeallacht oibre atá saor, sábháilte agus neamh-idirdhealaitheach, ina bhfuil beartais chomhionannais lena gcuirtear an chuimsitheacht, an éagsúlacht agus an frith-idirdhealú chun cinn agus atá saor ó gach cineál ciaptha agus foréigin, lena n-áirítear an foréigean inscnebhunaithe, chun go mbeidh an fhoireann acadúil in ann teagasc ardcháilíochta a chur ar fáil. D'fhéadfadh dúshláin a bheith roimh an bhfoireann acadúil agus roimh fhoireann seirbhísí gairmiúla freisin maidir le dálaí oibre míshásúla[5], ualach oibre trom agus claonadh inscne nó claonta eile i dtaca le measúnú agus aitheantas. Ina theannta sin, is minice a fhostaítear mná seachas fir ar chonarthaí forbhásacha agus sealadacha[6]. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, is gá dálaí oibre iomaíocha, trédhearcacha, inrochtana agus cothroma a chur chun cinn sa saol acadúil.

8. Is iad an neamhspleáchas institiúideach, an tsaoirse agus an tsláine acadúil, rannpháirtíocht na mac léinn agus na mball foirne sa rialachas ardoideachais, agus an fhreagracht phoiblí as an ardoideachas agus ar son an ardoideachais na príomhbhealaí chun ardoideachas ar ardcháilíocht a áirithiú agus ba cheart iad a chosaint agus a chur chun cinn.

9. Bunaítear gníomhaíocht an Aontais chun an chuimsitheacht, an éagsúlacht agus an comhionannas inscne san ardoideachas a chur chun cinn ar chur chuige cuimsitheach barr feabhais. Féachtar léi tacú le hardoideachas den scoth agus, an tráth céanna, comhionannas na rannpháirtíochta a áirithiú agus béim ar leith á leagan ar mhná, ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus ar phobail faoi mhíbhuntáiste. Chun aghaidh a thabhairt ar chás na ngrúpaí áirithe faoi ghannionadaíocht, go háirithe i bpoist cheannaireachta, bheadh sé iomchuí pleananna comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais agus i bpróisis a bhaineann le hardú céime.

---

5 Lena n-áirítear easpa beart cóiríochta réasúnta le haghaidh daoine faoi mhíchumas, mar a thagraítear dó i dTreoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

6 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *She figures 2021 – Gender in research and innovation – Statistics and indicators* [Comhionannas Inscne sa Taighde agus sa Nuáil – Staidreamh agus táscairí], Oifig na bhFoilseachán, 2021.

10. Rinneadh an Moladh seo a dhearadh i ndlúthshineirge leis an Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip[7], arb é is aidhm dó gairmeacha taighde níos tarraingtí i ngach earnáil, lena n-áirítear an saol acadúil, a chur chun cinn agus aitheantas iomlán a thabhairt do gach cineál conaire gairme. Is é is aidhm don dá mholadh feabhas a chur ar dhálaí oibre, ar chobhsaíocht gairmeacha, ar scileanna agus inniúlachtaí, ar chomhionannas inscne, ar chuimsitheacht agus ar bhearta cosanta sóisialta do na spriocghrúpaí a bhaineann leo.

11. Is é is aidhm don Mholadh seo bearta a chur chun cinn chun feabhas a chur ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus aitheantas breise a thabhairt don éagsúlacht gníomhaíochtaí a dhéanann foirne acadúla. Leis sin, beifear in ann an fhoireann a shlógadh chun cleachtais teagaisc agus foghlama nuálacha a fhorbairt mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil, meon uas-scilithe agus athscilithe a spreagadh, agus sealbhú scileanna agus inniúlachtaí a chur chun cinn le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga sa teagasc, san fhoghlaim agus sa taighde bunaithe ar phrionsabail eiticiúla.

12. Is é is aidhm don Mholadh seo dálaí iomaíocha, intuartha, cothroma, cuimsitheacha, inrochtana, sábháilte agus neamh-idirdhealaitheacha a chur chun cinn d'fhoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla chun iad a mhealladh chuig an earnáil ardoideachais agus iad a choinneáil san earnáil sin. Ba cheart cead a thabhairt do na foirne acadúla modhanna teagaisc nuálacha a fhorbairt i dtimpeallacht ina bhfuil dálaí oibre iomaíoch agus cothrom, ina gcosnaítear cearta bunúsacha agus nach bhfuil aon eagla roimh dhíoltas agus/ná nach bhfuil aon tionchar seachtrach míchuí ann, agus ina mbeifí in ann an fhorbairt ghairmiúil a shaothrú.

---

7 Moladh ón gComhairle an 18 Nollaig 2023 maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip (IO C, C/2023/1640, 29.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1640/oj).

13. Tá sé d'aidhm ag an Moladh seo freisin feabhas a chur ar an mbonn fianaise chun beartais agus straitéisí acmhainní daonna a fhorbairt san ardoideachas. Ós rud é nach leor fós sonraí inchomparáide idirnáisiúnta maidir le foirne acadúla agus go n-úsáidtear tacair éagsúla de chatagóirí foirne i gcórais ardoideachais éagsúla, bheadh sé iomchuí féachaint an bhféadfaí sonraí níos mionsonraithe a thiomsú trí ionstraimí ábhartha, go príomha tríd an bhFaireachlann Eorpach um Earnáil an Ardoideachais[8] agus tríd an bhFaireachlann um Ghairmeacha Taighde agus Nuálaíochta (ReICO) chun faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus chun céimeanna beartais fianaise-shaibhrithe a ghlacadh agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar chomhar trasnáisiúnta níos doimhne ar leibhéal an Aontais.

14. Tá comhar trasnáisiúnta Eorpach níos doimhne agus níos éifeachtaí san ardoideachas ríthábhachtach chun tacú le luachanna, féiniúlacht agus daonlathas an Aontais. Tá sé ríthábhachtach freisin ar mhaithe le hiomaíochas agus tharraingteacht na hEorpa. Éiríonn córais agus institiúidí ardoideachais níos láidre, níos nuálaí agus níos éifeachtúla ach comhoibriú thar theorainneacha. Ba cheart rannpháirtíocht na mball foirne maidir le soghluaisteacht mac léinn agus ball foirne a ullmhú, a spreagadh agus tacú léi ina dhiaidh sin, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu leis an tsoghluaisteacht a leabú i gcuraclaim, ba cheart í a chur chun cinn, a aithint agus luach níos fearr a chur uirthi.

[8] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 maidir le straitéis Eorpach d'ollscoileanna (COM(2022) 16 final). Tá an Fhaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais á bunú ag an gCoimisiún. Tá an Fhaireachlann ceaptha an chuid is fearr d'uirlisí agus d'acmhainneachtaí sonraí reatha an Aontais a chomhcheangal in aon áit amháin, agus tuilleadh feabhais á chur ar a n-úsáid an tráth céanna.

15. Is é is aidhm don Mholadh seo aitheantas níos fearr a spreagadh don fhuinneamh agus don am a chaitheann foirne acadúla agus foirne seirbhísí gairmiúla eile ar ghníomhaíochtaí comhair thrasnáisiúnta, mar shampla comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha. Chun cur i bhfeidhm iomlán an tionscnaimh seo a áirithiú, agus chun gníomhaíochtaí comhair thrasnáisiúnta a spreagadh, lena n-áirítear céimeanna comhpháirteacha a fhorbairt, ba cheart rannpháirtíocht iomlán na foirne agus peirspictíochtaí gairmréime don fhoireann seirbhísí acadúla agus gairmiúla a bhfuil baint acu leis na feidhmeanna comhordaithe straitéisigh a chur chun cinn. Tríd an bhfoireann a dhreasú chun soghluaisteacht thrasnáisiúnta agus idirearnála a chur chun cinn, ba cheart rannchuidiú go mór le cláir oideachais thrasnáisiúnta nuálacha agus idirdhisciplíneacha a fhorbairt, ar mhaithe le gach mac léinn,

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS DO NA BALLSTÁIT:

Agus aird chuí á tabhairt ar neamhspleáchas institiúideach agus ar shaoirse acadúil, agus i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta:

1. róil acadúla éagsúla a chur chun cinn, a aithint agus meas a léiriú orthu, lena n-áirítear teagasc agus eolais a aistriú chuig an tsochaí ar bhealach nuálach éifeachtach, agus go háirithe:

    a) dul i mbun comhairliúcháin leis an earnáil ardoideachais, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

        i) beartais acmhainní daonna san earnáil ardoideachais a fheabhsú chun róil éagsúla na foirne acadúla a aithint a thuilleadh, mar shampla teagasc, taighde, fiontraíocht agus nuálaíocht, luachshocrú agus aistriú eolais, comhar trasnáisiúnta agus náisiúnta, rannpháirtíocht sa ghnó agus sa phobal, forbairt réigiúnach agus áitiúil, meantóireacht, riarachán agus bainistíocht agus rannpháirtíocht sa rialachas institiúideach;

        ii) cuir chuige a chur chun cinn a thuilleadh, idir chuir chuige nua agus chuir chuige atá ann cheana, ina léirítear meas agus ina dtugtar aitheantas agus cúiteamh do ghairmeacha acadúla éagsúla chun tréscaoilteacht gairmeacha i róil éagsúla na foirne acadúla dá dtagraítear i bpointe 1(a)(i) a éascú; ar fud earnálacha éagsúla poiblí agus príobháideacha; agus i dtíortha éagsúla, agus sosanna gairme[9] á gcur san áireamh ar bhealach trédhearcach;

[9] Mar shampla, mar gheall ar fhreagrachtaí tuismíochta agus cúraim, nó fadhbanna sláinte.

iii) cleachtais a fhorbairt a thuilleadh san earnáil ardoideachais, d'fhonn meas a léiriú don fheabhsú teagaisc agus don fhorbairt foirne, agus cothroime measa i leith an teagaisc a chur chun cinn i gcomparáid le taighde, i mbreithmheas foirne agus in arduithe céime;

iv) ceannaireacht institiúideach a spreagadh in institiúidí ardoideachais chun an bhéim ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar aistriú eolais a mhéadú agus a choinneáil, tríd an oiread céanna airde a thabhairt ar na gníomhaíochtaí sin agus a thugtar ar an taighde, agus meas a léiriú dóibh siúd a chuireann barr feabhais teagaisc agus foghlama chun cinn go gníomhach in institiúidí ardoideachais agus a chuireann dea-chleachtais chun cinn maidir le barr feabhais sa teagasc a mheasúnú;

v) tacú le rannpháirtíocht na foirne acadúla sa phlé maidir le hathchóiriú agus próisis ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus institiúideach a bhaineann lena ngairm, lena n-áirítear measúnú agus forbairt ghairmiúil;

b) tacú le forbairt cleachtas in earnáil an ardoideachais d'fhonn infheistíocht a dhéanamh i scileanna leanúnacha agus i bhforbairt ghairmiúil tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) oiliúint agus tacaíocht chuí a chur ar fáil don d'fhoirne acadúla atá i mbun gníomhaíochtaí teagaisc, lena n- áirítear baill foirne luathghairme agus múinteoirí páirtaimseartha;

ii) tacú le feabhas a chur ar an múinteoireacht trí mhodhanna nua oideolaíocha, mar shampla trí úsáid a bhaint as taighde ar an teagasc agus trí ionaid nuálacha teagaisc agus foghlama a chruthú sna hinstitiúidí ardoideachais, ag tógáil ar phobail chleachtais atá ann cheana agus ar leabharlanna ollscoile, chun cabhrú le baill foirne acadúla lena misean teagaisc;

iii) tacaíocht a sholáthar d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach d’fhoirne acadúla i gcur chuige nuálach agus mac léinn-lárnach i leith na foghlama agus an teagaisc, as a dtiocfadh deimhniúchán, mar shampla trí mhicridhintiúir[10], chun modhanna agus cleachtais teagaisc dhigiteacha agus nuálacha a fheabhsú, lena n-áirítear trí úsáid shábháilte eiticiúil thrédhearcach na hintleachta saorga a ghiaráil, foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe a leabú ina gcúrsaí[11], cuir chuige foghlama chuimsitheacha a chur chun cinn lena ndíreofar ar ghrúpaí éagsúla foghlaimeoirí, lena n-áirítear na daoine is leochailí, comhar trasnáisiúnta a chomhtháthú laistigh de chláir oideachais agus oiliúna, agus eolas a chomhroinnt trí chúrsaí ar líne leis an gcuid eile den domhan bunaithe ar chleachtais oideachais oscailte[12];

c) féachaint an bhféadfaí táscairí lena ndéantar measúnú ar leibhéal na nuálaíochta agus na cáilíochta sa teagasc agus san fhoghlaim a chomhtháthú sna próisis dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana, agus leas á bhaint as saineolas an Bhuanghrúpa maidir le Táscairí agus Tagarmharcanna.

---

**10** Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10).

**11** Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (IO C 243, 27.6.2022, lch. 1).

**12** Is ionann cleachtais oideachais oscailte agus teicnící teagaisc agus foghlama lena mbaintear leas as teicneolaíochtaí oscailte agus rannpháirteacha agus as acmhainní oideachais oscailte chun foghlaim chomhoibríoch sholúbtha a éascú.

2. Urraim do chomhaontuithe comhchoiteanna, d'idirphlé sóisialta éifeachtach, agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a spreagadh, agus gníomhaíocht thacúil a dhéanamh a chuirfidh ar chumas fostóirí dálaí oibre tarraingteacha, cuimsitheacha agus iomaíocha a chur ar fáil, ina léirítear meas d'fhoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla, agus ina dtugtar spreagadh agus tacaíocht dóibh. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar an ngníomhaíocht tacaíochta sin:

a) feabhas a chur ar na cleachtais earcaíochta agus ar dhálaí oibre le haghaidh na bhfoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla, chomh maith le sásraí cistiúcháin gaolmhara, chun na dálaí sin a dhéanamh níos trédhearcaí, níos intuartha, níos inrochtana agus níos cobhsaí, go háirithe do bhaill foirne nach bhfuil ach i dtús a ngairmréime;

b) luach saothair ar cóimhéid a sholáthar atá saor ó bhearnaí pá idir na hinscní, agus cothromaíocht oibre is saoil agus dálaí oibre solúbtha le haghaidh na bhfoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla a chuidíonn leis an saol pearsanta agus teaghlaigh agus freagrachtaí cúraim, chomh maith le sláinte, sábháilteacht agus folláine fhoriomlán a thabhairt le chéile, gan dochar do ghairmeacha beatha;

c) rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach a chur ar fáil gan beann ar an gcineál fostaíochta, gan dochar do cheart na mBallstát prionsabail bhunúsacha a gcóras slándála sóisialta a shainiú. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith bainteach leis na réimsí seo a leanas, a mhéid a sholáthraítear iad sna Ballstáit: sochair dhífhostaíochta; sochair bhreoiteachta agus sochair chúraim sláinte; saoire mháithreachais; saoire atharthachta agus saoire do thuismitheoirí agus sochair ghaolmhara; sochair easláine; sochair mhíchumais; sochair seanaoise agus sochair mharthanóirí; sochair i leith tionóiscí tionsclaíocha agus galair cheirde;

d) rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá cothrom le dáta, cuimsitheach, soláimhsithe agus intuigthe go soiléir maidir le cearta agus oibleagáidí cosanta sóisialta, agus caomhnú, carnadh agus/nó aistriú teidlíochtaí a neartú – cibé acu a fhaightear iad trí scéimeanna sainordaitheacha nó deonacha – i ngach cineál stádas fostaíochta agus féinfhostaíochta agus thar theorainneacha laistigh den Aontas, agus thar earnálacha eacnamaíocha, ar feadh shaol oibre an duine nó le linn tréimhse tagartha áirithe agus idir scéimeanna éagsúla laistigh de réimse cosanta sóisialta ar leith;

e) foirne acadúla a spreagadh chun páirt a ghlacadh, ag gach céim dá ngairm agus gan beann ar an gcineál conartha fostaíochta atá acu, i dteagasc agus i bhfoghlaim, i dtaighde, agus in aistriú eolais gan cur isteach ná eagla roimh dhíoltas tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) rannchuidiú le héifeachtacht sásraí faireacháin lena ndéantar an tsaoirse acadúil a chur chun cinn agus a chosaint;

ii) creataí a shainiú chun baill aonair den fhoireann acadúil a chosaint ar chur isteach seachtrach míchuí agus ar bhagairtí seachtracha míchuí;

iii) rannchuidiú le trédhearcacht i gcomhaontuithe cistiúcháin nó comhair trí bhainistiú riosca éifeachtach a chur i bhfeidhm;

f) tacú le comhionannas inscne, cothromaíocht inscne, comhdheiseanna agus cuimsitheacht le cur chuige trasnach d’fhoirne acadúla ó gach cúlra, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais san ardoideachas a fhorbairt agus a chomhroinnt maidir le comhionannas inscne, cuimsitheacht agus éagsúlacht;

g) tacú le bearta éifeachtacha arb é is aidhm dóibh timpeallacht oibre chuimsitheach agus shábháilte a chruthú ina gcuimsítear éagsúlacht sa chiall leathan agus atá saor ó gach cineál foréigin, ciaptha agus idirdhealaithe den uile chineál bunaithe ar fhorais ar nós inscne, aoise, míchumais, bunadh ciníoch, eitneach nó náisiúnta, reiligiúin nó creidimh, gnéaschlaonta, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   i) tionscnaimh a spreagadh chun cabhrú le foirne acadúla ar mná iad leibhéal ard sinsearachta acadúla agus róil ardbhainistíochta/cheannaireachta a bhaint amach;

   ii) tabhairt isteach pleananna comhionannais inscne agus pleananna níos leithne éagsúlachta agus cuimsithe a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais, agus i bpróisis chun gairmréimeanna a chur chun cinn, agus institiúidí ardoideachais a spreagadh chun uirlisí atá ann cheana a úsáid nó uirlisí nua a fhorbairt ar nós cairteacha éagsúlachta agus cuimsithe, cóid iompair, ábhair threoracha nó lámhleabhair;

   iii) rannchuidiú le cleachtais bhreithmheasa a chur ar fáil atá níos tacúla agus níos bunaithe ar iontaoibh, tús áite a thabhairt don inspreagadh intreach, d’aiseolas oscailte agus don chomhar, lena n-áirítear tríd an mbonn a fhorbairt do cheapadh beartas fianaise-shaibhrithe maidir leis an gcuimsiú agus an éagsúlacht.

3. I gcomhairle le hinstitiúidí ardoideachais, rannpháirtíocht i gcomhar réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta níos doimhne a chur chun cinn, a aithint agus a urramú, agus go háirithe:

a) rannpháirtíocht foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla a spreagadh agus tacú leo i ngníomhaíochtaí comhair réigiúnacha, náisiúnta agus thrasnáisiúnta níos doimhne mar shampla cláir chéime chomhpháirtí nó comhthairiscintí oideachais agus oiliúna a bhféadfadh deimhniúcháin, mar shampla micridhintiúir, a bheith mar thoradh orthu, ar gach leibhéal agus i ngach disciplín, trí luacháil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin. Mar shampla, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) breithniú a dhéanamh ar chomhtháthú na gcuspóirí a bhaineann le comhar oideachais i gconairí gairme, agus i mbeartas foirne ar an leibhéal náisiúnta réigiúnach agus institiúideach;

ii) forbairt gníomhaíochtaí oideachais comhpháirteacha a chur san áireamh i mbreithmheas gairme acadúla na foirne acadúla;

iii) obair a bhaineann le comhar réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta in uaireanta oibre iomlána na foirne acadúla agus gairmiúla a chur san áireamh;

b) an cuspóir a shaothrú, i gcomhairle leis an earnáil ardoideachais, chun peirspictíochtaí fadtéarmacha solúbtha gairme agus bearta bainistithe tallainne a fhorbairt lena ndíreofar ar fhoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla a bhfuil baint acu le comhordú agus bainistiú chomhar trasnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais, cuir i gcás comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha agus samhlacha comhair Erasmus+ eile;

c) forbairt agus cur chun cinn deiseanna nua don tsoghluaisteacht Eorpach agus idirnáisiúnta a spreagadh, lena gcuirfear foirmeacha malartacha, mar shampla comhoibriú fíorúil, ar fáil freisin dóibh siúd nach bhfuil in ann taisteal, d'fhoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla, lena n-áirítear trí na hionstraimí atá ann cheana maidir le bainistiú gairme agus soghluaisteacht an lucht saothair a ghiaráil, cuir i gcás ardán Europass agus comhairleoirí soghluaisteachta an líonra Eorpaigh seirbhísí fostaíochta (EURES);

d) é a chur ar chumas institiúidí ardoideachais acmhainneacht leordhóthanach acmhainní daonna a chur ar fáil don chomhar trasnáisiúnta;

e) tacú le deis a thabhairt d'fhoireann seirbhísí acadúla agus gairmiúla a bheith rannpháirteach san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear trí shaoire shabóideach nó cineálacha eile saoire a ghlacadh chun feabhas a chur ar a scileanna agus ar a n-inniúlachtaí.

4. Páirt a ghlacadh i gceapadh beartais níos fianaise- saibhrithe agus atá dírithe ar dhálaí iomaíocha, intuartha, sábháilte, cothroma agus neamh-idirdhealaitheacha a chruthú sa saol acadúil bunaithe ar na sonraí eagraíochtúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha atá ar fáil maidir le gairmeacha agus beartas soláthair foirne ardoideachais.

5. An Moladh seo a leanúint in am trátha chun go bhféadfar príomhchuspóirí na gconclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa a chur chun feidhme ina n-iomláine[13].

6. An Coimisiún a chur ar an eolas, i gcomhthéacs struchtúr rialachais an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint[14], faoi na bearta comhfhreagracha atá le déanamh ar an leibhéal iomchuí chun tacú le cuspóirí an Mholta seo mar chéimeanna riachtanacha chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach agus a fhorbairt a thuilleadh.

---

13 IO C 167, 21.4.2022, lch. 9.

14 Rún ón gComhairle maidir le struchtúr rialachais an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (IO C 497, 10.12.2021, lch. 1).

TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO BHFUIL SÉ BEARTAITHE AG AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. Comhordú a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí ardoideachais agus leis na comhpháirtithe sóisialta, sa Mheitheal um Ardoideachas den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint, ar an obair lena n-ullmhaítear cur chun feidhme an Mholta seo i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa, agus comhairle a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir le hinstitiúidí ardoideachais feabhas a chur ar tharraingteacht ghairmeacha foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla; creat inniúlachta Eorpach a ullmhú don fhoireann acadúil, chun tréscaoilteacht gairmeacha ar fud na n-earnálacha a fheabhsú, ag tógáil ar na creataí inniúlachta ábhartha atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ag tarraingt orthu, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear an Creat Eorpach Inniúlachta do Thaighdeoirí (ResearchComp) agus uirlisí ar nós na n-uirlisí sin a chuirtear ar fáil leis an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí (HRS4R) agus leis an gComhaontú maidir le Measúnú Taighde a Athchóiriú.

2. Feabhas a chur ar thacaíocht don idirphlé sóisialta ar leibhéal an Aontais maidir le gairmeacha foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla, go háirithe laistigh d'idirphlé sóisialta earnála na hEorpa san oideachas, piarfhoghlaim idir na Ballstáit a éascú maidir le sásraí éifeachtacha chun a áirithiú go dtabharfar aitheantas do rannpháirtíocht foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla i gcomhar trasnáisiúnta agus i ngníomhaíochtaí nuálacha teagaisc; agus tacú le beartas fianaise-shaibhrithe agus le faireachán ar dhul chun cinn trí shonraí atá ann cheana maidir le gairmeacha ardoideachais agus beartas foirne a mhapáil ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal institiúideach tríd an bhFaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais agus ReICO trí shineirgí a úsáid, agus bearnaí agus riachtanais sonraí a shainaithint.

3. Sineirgí a chothú leis an Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip, chun gairmeacha feabhsaithe comhsheasmhacha a áirithiú do bhaill foirne acadúla atá ag obair in institiúidí ardoideachais agus atá rannpháirteach i dteagasc agus i dtaighde araon, mar aon le haistriú eolais.

4. Comhar oideachais trasnáisiúnta agus barr feabhais nuálach oideachais a fhorbairt a thuilleadh, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dó trí fhoinsí maoinithe ábhartha ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí chlár Erasmus+[15], agus cláir eile de chuid an Aontais, agus na Ballstáit a spreagadh an ionstraim um thacaíocht theicniúil a úsáid chun saineolas teicniúil saincheaptha a fháil chun na hathchóirithe is gá a cheapadh agus a chur chun feidhme i réimse an ardoideachais, lena n-áirítear trí chomhar a chothú idir lucht déanta beartas, taighdeoirí, an saol acadúil agus gníomhaithe socheacnamaíocha agus trí tharraingteacht gairmeacha acadúla a fhorbairt.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[15] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus um oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).